National Roads Authority
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Ráiteas Straitéise




2007 - 2010

National Roads Authority
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Ár gCuspóir

"Feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil agus ar iomaíochas eacnamaíoch náisiúnta tríd an ngréasán bóithre náisiúnta a fhorbairt, a chothabháil agus a fheidhmiú ar shlí shábháilte, éifeachtach ó thaobh costais de agus inbhuanaithe. "

Is féidir cóipeanna den cháipéis a fháil ar láithreán gréasáin an Údaráis:
www.nra.ie

Nó trí theagmháil a dhéanamh lenár nAonad Foilseachán ag:
Teach Naomh Máirtín,
Bóthar Waterloo,
Baile Átha Cliath 4.

Teil: +353 1 660 2511 / Facs: +353 1 668 0009
Ríomhphost: info@nra.ie

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Ráiteas Straitéise 2007 – 2010

Clár

	Leathanach
Réamhráiteas	i
Maidir leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta	1
Ár nAidhmeanna Straitéiseacha	
➔ An gréasán bóithre náisiúnta a fhorbairt	3
➔ Feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil agus ar iomaíochas náisiúnta	4
➔ Cur le forbairt inbhuanaithe	5
➔ A bheith mar eagraíocht dhinimiciúil agus sholúbtha faoi threallús na cáilíochta	6

Réamhráiteas.

Tá sé riachtanach feabhas leanúnach a chur ar ghréasán bóithre náisiúnta na hÉireann chun an forás agus forbairt eacnamaíoch a choinneáil suas a bhfuil an oiread leasa ann dár dtír agus dár bpobal le blianta beaga anuas. Tríd is tríd, braitheann trádáil, turasóireacht, tráchtáil agus tionscail ar an ngréasán bóithre náisiúnta le bealach rochtana éifeachtúil agus sábháilte a chur ar fáil chuig na réigiúin agus chuig an margadh idirnáisiúnta trínár gcalafoirt agus trínár n-aerfoirt.

Is féidir rath eacnamaíoch a thomhas ar go leor bealaí éagsúla. B'fhéidir gurb é an táscaire is drámatúla ar rath eacnamaíoch na hÉireann le déanaí é méadú ár ndaonra go breis agus 4.25 milliún duine – meastar gurb ionann 400,000 díobh sin agus daoine nach náisiúnaigh de chuid na hÉireann iad a tháinig chun na tíre chun cur leis an rath agus chun é a roinnt. Cé gur forbairtí uathúla agus forbairtí a bhfáiltítear rompu iad na forbairtí sin, tá níos mó brú á chur ar ár n-infrastruchtúr bóithre náisiúnta, brú a bhfuil an t-ardú 100% i líon na bhfeithiclí a bhí ag úsáid na mbóithre idir 1990 agus 2004 mar fhianaise dó.

I measc ár gcomhpháirtithe Eorpacha, ní hí Éire amháin a bhraitheann go mór ar iompar ar bhóithre chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Aithnítear an ról lárnach a bheidh ag gréasáin bhóithre i gcónaí go forleathan anois laistigh de thíortha an A.E. agus meastar go mbeidh baint ag breis agus 80% den iompar go léir ar talamh le bóithre.

Le gréasán bóithre náisiúnta nua-aimseartha, cuideofar le líon na ndaoine a mharaítear ar ár mbóithre a laghdú. Chomh maith leis sin, lenár mbóithre nua, is iomaí tairbhe a bheidh i gceist do dhaoine agus do phobail. Laghdófar an méid ama a thógfaidh aistir agus laghdófar an strus agus an frustrachas atá fíorchoiteann inniu de réir mar a leanaimid le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna maidir le plódú tráchta. Cuirfear le timpeallacht ár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte trí thrácht a chur ar mhalairt slí ar sheachbhóithre nua. Laghdófar leibhéil torainn trách agus feabhsófar sábháilteacht ar bhóithre agus an caighdeán aeir mar thoradh air sin.

Is mór ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta a gcuid féin a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh gréasán bóithre náisiúnta nua-aimseartha, sábháilte agus éifeachtúil in Éirinn de réir mar a leanaimid ar aghaidh leis na spriocanna a leag an Rialtas síos sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, in Iompar 21, 2006-2015 agus sa Straitéis Spáis Náisiúnta a bhaint amach. Táimid dóchasach go mbainfimid amach an straitéis a leagtar amach san fhoilseachán seo le heolas agus saineolas ár bhfoireann, foireann atá thar a bheith tiomanta é sin a dhéanamh.

Comhaltaí an Údaráis

Peter Malone
An Cathaoirleach

Eddie Breen	**Comhalta**
Frank Convery	**Comhalta**
Connie Ní Fhatharta	**Comhalta**
Eric Fleming	**Comhalta**
David Holden	**Comhalta**
Jenny Kent	**Comhalta**
John Newell	**Comhalta**
Donnacha Ó Cinnéide	**Comhalta**
Raymond Potterton	**Comhalta**

Fred Barry
Comhalta &
Príomhfheidhmeannach

Maidir leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta

An Sainordú atá Againn

Is é príomhthasc an Údaráis um Bóithre Náisiúnta a chinntiú go gcuirtear gréasán bóithre náisiúnta atá sábháilte agus éifeachtúil ar fáil. Tá caidrimh láidre forbartha ag an Údarás le húdaráis áitiúla agus sinn ag obair chun ár sainordú a bhaint amach.

Is bóithre náisiúnta iad beagnach 6% (tuairim is 5,400km) den ghréasán bóithre poiblí sa Stát agus rangaítear iad mar *Príomhbhóithre Náisiúnta* nó *Bóithre Náisiúnta den Dara Grád*. Iompraítear 46% den trácht iomlán ar na bóithre náisiúnta sin. Tá ról tábhachtach acu maidir le freastal do ghníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch agus maidir le rochtain a chur ar fáil chuig na réigiúin, chom maith le calafoirt agus aerfoirt.

Ár dTimpeallacht.

Le leibhéal foráis an gheilleagair in Éirinn le blianta beaga anuas, tá níos mó brú á chur ar ár n-infrastruchtúr bóithre náisiúnta. Is iad na bóithre fós an príomh-mhodh iompair d'earraí agus d'ábhair agus is leis an ngréasán iarnróid a bhaineann cion beag, cion atá ag laghdú leis, d'iompar lastais. Sa bhliain 1995, b'ionann an méid iomlán lastais a iompraíodh ar bhóithre agus ar iarnróid in Éirinn agus 88.5 milliún tonna agus is 3.6% de sin a iompraíodh ar an ngréasán iarnróid. Faoin mbliain 2005, b'ionann méid iomlán an lastais a iompraíodh ar bhóithre agus ar iarnróid agus os cionn 305.5 milliún tonna. Níor iompraíodh ach 1.8 milliún tonna (0.6%) de sin ar iarnróid.



Is léir, dá bhrí sin, go raibh, go bhfuil agus go mbeidh ról ríthábhachtach ag bóithre mar bhonn taca le forbairt gheilleagar na hÉireann.

Ní haon ionadh é go bhfuil ardú mór tagtha ar líon na bhfeithiclí ceadúnaithe ar na bóithre mar thoradh ar ár rath eacnamaíoch. B'ionann líon iomlán na bhfeithiclí agus 1.054 milliún sa bhliain 1990.

B'ionann an figiúr comhfhreagrach ag deireadh na bliana 2006 agus 2.296 milliún – níos mó ná ardú faoi dhó i líon foriomlán na bhfeithiclí. Baineann formhór an ardaithe sin le méadú in úinéireacht charranna príobháideacha agus i líon na bhfeithiclí earraí ar na bóithre Tá ardú 123% tagtha ar gach ceann de na catagóirí sin i rith na tréimhse lena mbaineann.



Is dúshláin nua don Stát iad na forbairtí eacnamaíocha agus déimeagrafacha seo maidir le hinfrastruchtúr náisiúnta iompair ar bhóithre a chuideoidh lenár n-iomaíochas a chosaint maidir le cúrsaí eacnamaíocha domhanda trí iompar earraí agus seirbhísí ar shlí thapa agus ar shlí iontaofa ar fud na tíre a éascú.

Is príomhdhúshlán don Údarás é cur le laghdú in astaíochtaí gáis cheaptha teasa ag tráth a bhfuil ardú in astaíochtaí ón earnáil

iompair ann mar thoradh ar mheascán de mhéadú ar an bhflít náisiúnta feithiclí agus i ngníomhaíocht eacnamaíoch.

Tá raon beart i bhfeidhm ag an Rialtas chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Beidh ról tábhachtach ag clár bóithre an Údaráis, trí dheireadh a chur le háiteanna a dtarlaíonn timpistí go minic, maidir le freastal ar aidhmeanna an Rialtais sa réimse sin.

Cuideoidh sé freisin, níos mó úsáide a bhaint as iompar poiblí, le gníomhú in aghaidh athrú aeráide. Tá gréasán bóithre náisiúnta, nua-aimseartha agus éifeachtúil á chur ar fáil ag an Údarás, rud, dá bhrí sin, a laghdóidh an méid ama a thógfaidh aistir ar úsáideoirí uile an ghréasáin, lena n-áirítear paisinéirí busanna agus cóistí. Ar an tslí seo, tá an tÚdarás ag cur le tarraingteacht sheirbhísí iompair phoiblí, rud a mbeidh úsáid níos mó de sheirbhísí den sórt sin in áit carranna a úsáid mar thoradh air.

D'iompair Bus Éireann 92 milliún paisinéir ar a gcuid seirbhísí go léir sa bhliain 2006 agus bhí go leor de na seirbhísí sin ag feidhmiú ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Cuireann líon na ndaoine a thaistealaíonn ar sheirbhísí a chuireann oibritheoirí cóistí príobháideacha ar fáil le líon na bpaisinéirí a thaistealaíonn ar ár mbóithre náisiúnta.

Ár nAidhmeanna Straitéiseacha 2007-2010

Aidhm 1:

An gréasán bóithre náisiúnta a fhorbairt

Agus béim á cur:

- ar shábháilteacht,
- ar thógáil don todhchaí,
- ar luach ar airgead, agus
- ar thionscadail a sheachadadh in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus ár n-aidhm á baint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Forbróimid an gréasán bóithre náisiunta de réir pholasaithe an Rialtais agus an NRA.
- Cuirfimid gréasán na Mórbhealaí Idiruirbeacha i gcrích faoi dheireadh na bliana 2010.
- Fiosróimid féidearthacht bhealaí straitéiseacha nua mar Bhealach Fithiseach Laighean agus Seachbhóthar an Oirthir i mBaile Átha Cliath.
- Forbróimid agus déanfaimid treoirlínte cuimsitheacha, nósanna imeachta agus sonraíochtaí sárchleachtais a chothabháil a bheidh le feidhmiú agus scéimeanna bóithre náisiúnta á bpleanáil, á leagan amach, á bhfáil agus á dtógáil.

Ár nAidhmeanna Straitéiseacha 2007-2010

Aidhm 2:

Feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil agus ar iomaíochas náisiúnta

trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an méid ama a thógfaidh aistir a laghdú agus níos mó cinnteachta a bheith ann maidir le fad aistir,
- costais iompair a laghdú,
- áiteanna seirbhíse a chur ar fáil ar an ngréasán mótarbhealaí,
- treochomharthaí, comharthaí áineasa agus comharthaí do thurasóirí a fheabhsú,
- sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, agus
- trácht bhóithre náisiúnta a thógáil ó bhailte agus ó shráidbhailte.

Agus ár n-aidhm á baint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Éifeachtúlacht an ghréasáin a fheabhsú trí chur le hacmhainneacht agus plódú a laghdú .
- Córas leictreonach 'saorshreafa' a thabhairt isteach chun dolaí a bhailiú ar Nasc-Thiar an M50.
- Úsáid chlibeanna leictreonacha a dhéanamh idir-inoibritheach.
- Áiteanna seirbhíse a chur ar fáil ar an ngréasán mótarbhealaí.
- Cláir a chur i bhfeidhm chun treochomharthaí, comharthaí do thurasóirí agus comharthaí áineasa a fheabhsú.
- Tionscnaimh sábháilteachta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear scéimeanna ceansaithe trách ta, bearta feabhsúcháin timpistí agus cothabháil geimhridh, agus treoirlínte a fhoilsiú maidir le bainistiú trách ta sábháilte ag oibreacha bóthair.
- Conarthaí nua bunaithe ar fheidhmíocht a thabhairt isteach maidir le cothabháil an ghréasáin.

Ár nAidhmeanna Straitéiseacha 2007-2010

Aidhm 3:

Cur le forbairt inbhuanaithe

trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaineann le hiompar ar bhóithre agus le bóithre a thógáil a laghdú,
- gréasán bóithre a chur ar fáil lena n-éascófar aidhmeanna a bhaineann le hathrú modhanna,
- an timpeallacht nádúrtha agus an oidhreacht chultúir a chosaint,
- tacú le nósanna imeachta sárchleachtais a bhaineann le hiompar agus pleanáil d'úsáid talún a chomhtháthú agus iad a chur chun cinn, agus
- modhanna tógála nuálaíocha, ábhair agus cleachtais oibríochta a thabhairt isteach chun úsáid fuinnimh a laghdú.

Agus ár n-aidhm á baint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Cur níos mó leis an aird a thugtar do shaincheisteanna comhshaoil maidir le tionscadail bhoithre náisiúnta trí Phlean Oibríochta Comhshaoil a fhorbairt.
- Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú de réir an aistir trí phlódú a laghdú.
- Cur le tarraingteacht sheirbhísí cóistí agus busanna don phobal trí gréasán bóithre a chur ar fáil lena mbainfidh níos lú ama le haistir agus le go mbeidh siad níos iontaofa.
- Eolas a fhaightear ó imscrúduithe seandálaíochta ar scéimeanna bóthair a scaipeadh chun feasacht maidir lenár n-oidhreacht chultúir a chur chun cinn.
- A bheith rannpháirteach sa phróiseas pleanála, ag cur gnéithe an ghréasáin bóithre náisiúnta san áireamh chomh maith leis an ngá comhtháthú straitéisí iompair agus úsáid talún a chur chun cinn.
- Tús a chur le clár píolótach Ionchuir Fuinnimh Laghdaithe chun fuinneamh a shábháil agus scéimeanna bóthair á dtógáil agus á bhfeidhmiú.
- Dul i mbun clár taighde le bheith mar bhonn taca ag ár modheolaíochtaí tuartha agus ag ár gcur chuige foriomlán maidir le saincheisteanna comhshaoil a chomhtháthú i bhforbairt scéimeanna bóthair.

Ár nAidhmeanna Straitéiseacha 2007-2010

Aidhm 4:

A bheith mar eagraíocht dhinimiciúil agus sholúbtha faoi threallús na cáilíochta

trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a chinntiú go mbeidh an fhoireann ardspreagúil, gairmiúil agus tairgiúil agus tiomanta do sheirbhís phoiblí,
- baint ghníomhach a bheith againn lenár gcomhpháirtithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun tionchar a imirt ar pholasaithe, chun feidhmíocht a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna, agus
- cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus le hionadaithe pobail go hoscailte agus go freagrúil.

Agus ár n-aidhm á baint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Ár struchtúr eagraíochtúil agus ár scileanna gairmiúla a athbhreithniú go rialta lena chinntiú go bhfuilimid ullmhaithe a ndóthain do riachtanais faoi láthair agus amach anseo.
- Pearsanra ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil.
- Polasaithe agus nósanna imeachta oiliúna agus forbartha a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do riachtanais forbartha ár n-eagraíocht agus lena bhféadfaidh daoine aonair forbairt ina ngairmeacha.
- Baint dhearfach agus chuiditheach a bheith againn le comhlachtaí poiblí eile, mar Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, na Tionóil Réigiúnacha, na hÚdaráis Réigiúnacha, R.P.A., C.I.É., Calafoirt agus Aerfoirt, an Roinn Iompair agus Mara, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus na húdaráis áitiúla.
- Cumarsáid a dhéanamh go hoscailte agus go macánta leis an bpobal agus íomhá dhearfach bunaithe ar fheidhmíocht a fhorbairt.